Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9520/21**

**AGRI 262**
**AGRILEG 121**
**PHYTOSAN 23**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh (AE) ón gComhairle lena n-iarrtar ar an gCoimisiún staidéar – agus togra, más iomchuí, i bhfianaise thorthaí an staidéir – a thíolacadh ar staid agus roghanna an Aontais maidir le hoibreáin um rialú bitheolaíoch a thabhairt isteach, a mheas, a tháirgeadh, a mhargú agus a úsáid laistigh de chríoch an Aontais<br>– *Glacadh* |

1. Is malairt rogha inbhuanaithe i dtaca le rialú lotnaidí plandaí iad Oibreáin um Rialú Bitheolaíoch (BCAanna) in ionad táirgí ceimiceacha a úsáid agus is gné bhunúsach iad de bhainistiú comhtháite lotnaidí (IPM). Faoi láthair, tá éagsúlachtaí suntasacha idir na Ballstáit maidir lena gcur chuige i leith measúnú a dhéanamh ar BCAnna, iad a úsáid agus iad a chur ar an margadh agus d'fhéadfaí, a n-infhaighteacht a mhéadú agus a ráthú go n-úsáidfear go sábháilte iad le creat níos comhchuibhithe de chuid an Aontais.

2. Agus méid sin á thabhairt dá haire, thíolaic an Uachtaránacht, an 12 Feabhra 2021, chuig Meitheal na bPríomhoifigeach Sláinte Plandaí (COPS) an toradh a bhí ar cheistneoir a seoladh chuig na toscaireachtaí inar léiríodh a éagsúla atá rialacha na mBallstát agus an tacaíocht fhorleathan atá ann don tuairim gur cheart don Aontas féachaint le critéir chomhchoiteanna maidir le hallmhairí agus scaoileadh BCAnna a fhorbairt. Chuir an Uachtaránacht síos togra freisin bunaithe ar Airteagal 241 CFAE lena n-iarrtar ar an gCoimisiún staidéar – agus togra, más iomchuí, i bhfianaise thorthaí an staidéir – a thíolacadh ar staid agus roghanna an Aontais maidir le hoibreáin um rialú bitheolaíoch a allmhairiú, a mheas, a tháirgeadh agus a mhargú laistigh de chríoch an Aontais.

3. Ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 22-23 Márta 2021, bhí díospóireacht bheartais ag na hairí maidir leis an tsaincheist sin ar bhonn nóta cúlra[1] agus thacaigh siad, tríd is tríd, le tionscnamh na hUachtaránachta chun staidéar an Choimisiúin a iarraidh.

4. An 30 Márta 2021, scrúdaigh Meitheal na gComhairleoirí/*Attachés* (cúrsaí fíteashláintíochta) téacs an dréachtchinnidh agus tháinig sí ar chomhaontú trí nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta maidir leis an dréacht-téacs mar a leagtar amach é in 4166/2021 REV 3.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid a leanas a dhéanamh:

- an comhaontú ar tháinig an Mheitheal air a dhearbhú le tromlach simplí; agus
- a mholadh don Chomhairle:
  - an dréachtchinneadh ón gComhairle arna leagan amach in 9112/21 a ghlacadh le tromlach simplí (téacs ar chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air); agus
  - a chinneadh an téacs a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith 'L') a luaithe is féidir.

---

[1] 6645/21